Comhlucht Forbartha na nDéise

Imlíne an Phoist	
Teideal an Phoist	Bainisteoir faoi Oiliúint
Láthair Oibre	Oifig Chomhlucht Forbartha na nDéise, Ionad Pobail na Rinne, An Rinn, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge. X35 XW29
Imlíne Ginearálta	Beidh an Bainisteoir faoi Oiliúint freagrach as tograí a bhainistiú agus thionscadail shonracha atá mar chuid de chlár clár forbartha pobail an Chomhluchta a chur i bhfeidhm.
Freagrach do	Bainisteoir Forbartha Chomhlucht Forbartha na nDéise ó lá go lá agus go Bord na nIontaobhaithe (Bord CFnaD)
Sonraí an Phoist	
Dualgais Oibre	Beidh na dualgais seo a leanas le comhlíonadh ag an mBainisteoir faoi Oiliúint: **Bainistíocht** 1. Clár oibre aontaithe a bhainistiú 2. Stiúradh agus maoirseacht a dhéanamh ar thograí faoi leith atá mar chuid den straitéis atá aontaithe ag CFnaD; 3. Faoi stiúir an Bhainisteoir Forbartha, comhairle a chuir ar Bhord CFnaD maidir le tograí, straitéis agus polasaí; 4. A chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm na cinntí a aontaíonn Bord CFnaD; 5. Clár caiteachais agus buiséad a bhainistiú, faoi stiúir an Bainisteoir Forbartha. 6. Foinsí maoinithe a aithint a bhféadfaí leas a bhaint astu le tograí an phlean forbartha pobail a chur i bhfeidhm. 7. Cinntiú go mbíonn tograí ag eascairt as an bPlean Forbartha atá faoi do chúram curtha i gcrích, de réir polasaithe CFnaD; 8. Ról lárnach a ghlacadh i bhforbairt na turasóireachta cultúrtha i bpáirt leis an gCoiste Fáilte, fo-choiste de chuid Chomhlucht Forbartha na nDéise;

9. A bheith gníomhach chun foinsí airgid agus cistí deontais a aimsiú agus, nuair is féidir, cúram agus gnó CFnaD a rith mar ghnó inmharthana;
10. Sásta tabhairt faoi Oiliúint and Traenáil cuí i dtreo scileanna agus eolas Bainistaíochta a fhorbairt le linn na fostaíochta
11. Bolscaireacht agus ionadaíocht a dhéanamh ar shon CFnaD agus ar son phobal Ghaeltacht na nDéise;
12. A chinntiú go bhfeidhmíonn tú go dleathach agus go mbíonn riachtanas cuntasaíochta agus páipéarachas á choimeád in ord;
13. Comhoibriú le baill foirne eile, coistí pobail agus eagraíochtaí eile chun tograí a chur i gcrích
14. Comhoibriú le aon eagraíochtaí Stáit & Pobail agus ag feidhmiú sa Ghaeltacht ar mhaith le forbairt pobail agus teanga a chur chun cinn i nGaeltacht na nDéise;
15. Treoir a ghlacadh ón mBainisteoir Forbartha agus ó Bhord CFND, tríd an Cathaoirleach
16. Comhairle agus treoir a ghlacadh ó Údarás na Gaeltachta.
17. Tuairisciú ar bhonn rialta chuig CFND agus Údarás na Gaeltachta maidir le dul chun cinn na hoibre, bainistiú buiséad, forbairt sa ról agus aon gné eile a bhaineann leis an ról.

Forbairt Pobail

1. Tionscadail shonracha atá mar chuid de chlár Forbartha Pobail na heagraíochta a bhainistiú
2. A chinntiú go mbeidh tú ar fáil do bhaill an phobail sa Rinn agus sa Sean-Phobal;
3. Cúnamh a thabhairt go na h-eagraíochtaí deonacha atá ag feidhmiú i nGaeltacht na nDéise;
4. A chinntiú go bhfuil pobal Ghaeltacht na nDéise ar an eolas a chuirfeadh ar a gcumas earcú a dhéanamh ar aon chabhair stáit a d'fhéadfadh a bheith ar fáil;
5. Freagracht a ghlacadh as tograí faoi leith de Phlean Forbartha Pobail CFnaD a chuir le chéile, a chuir i bhfeidhm, agus a stiúradh, faoi chúram an Bainisteoir Forbartha;

Samplaí de na tograí a bheidh faoi chúram an Bainisteoir Faoi Oiliúint ná a leanas:

Turasóireacht - Forbairt Siúlóidí:

- Siúlóid a aithint i nGaeltacht na nDéise atá ar thalamh / bóithre poiblí a bheadh oiriúnach do siúlóirí ar chumais éagsúla.
- Léarscáil & bileoga a fhorbairt, leaganacha Gaeilge & leaganacha dátheangach de na siúlóidí san a bheadh oiriúnach don bpobal agus do thurasóirí
- Obair le úinéirí talúin, an pobal & CCCPL chun na féidearthachaí a aithint i dtreo Siúlóidí ar thalamh príomháideach a oscailt nó a athoscailt.
- An togra 'An Trasnú - Cunnigar Crossing' a bhainistiú i gcomhpháirtaíocht le Choiste Shlí Naomh Déagláin agus páirtithe leasmhara eile ar mhaitheas le cur chun cinn na turasóireachta i nGaeltacht na nDéise

An Eacnamaíocht Glas – Bithéagsúlaíocht

- Spásanna poiblí bithéagsúlaíocht a fhorbairt i nGaeltacht na nDéise
- Spásanna poiblí a aithint & a fhorbairt i dtreo crainn agus toir dúchasacha a chur ar mhaitheas le timpeallacht glas & bithéagsúlaíocht a chruthú
- Obair le úinéirí talúin, feimeoirí, srl i dtreo crainn & toir dúchasacha a chur faoin scéim Trees on the Land

An Eacnamaíocht Glas – Fuinneamh Glas

- An togra Solas an Tí do sheanóirí, (malartú bolgáin LED le gnáth bholgáin solais) a fhorbairt agus a leathnú amach.
- Togra iomlán nua & nuálaíocht a fhorbairt chun tacú le cur chun cinn

Fiontraíocht – Ionad Fiontraíochta & Pobail a fhorbairt

- Comhoibriú & tacú le Údarás na Gaeltachta i dtreo forbairt an ionad fiontraíochta & pobail atá beartaithe do Bhaile na nGall, An Rinn.
- A bheith mar phointe teagmhála do ghnóthaí an cheantar atá páirteach sa togra
- Ceannasaíocht a ghlacadh ar forbairt an plean atá ag CFDéise chun na spásanna poiblí & spás eolais san ionad a bhainistiú

Aon chúram / obair / dualgas eile a iarrfaidh Bord CFnaD ort a dhéanamh a luíonn le cuspóirí agus spriocanna Chomhlucht Forbartha na nDéise.

Scileanna agus Taithí	Beidh na scileanna agus taithí seo a leanas ag teastáil ón té a cheapfar mar Bhainisteoir Forbartha: ▪ Scileanna mhaith cumarsáide, idir labhartha & scríofa, i nGaeilge agus i mBéarla ▪ Duine eagraithe agus tiomanta. ▪ Ábalta agus sásta glacadh le treoir ón mBainisteoir Forbartha agus ón mBord ▪ Ábalta obair as a stuaim féin ó lá go lá, gan gá le mion-bhainistaíocht. ▪ Dúil i bhfoghlaim, i scileanna nua a fhorbairt, agus dul chun cinn a dhéanamh. ▪ Solubtha ó thaobh uaireanta oibre, ag brath ar riachtanais na tograí éagsúla a fhorbairt & a chur i gcrích agus riachtanais na heagraíochta ▪ Tuiscint agus taithí mhaith ar bhainistiú tograí agus cúrsaí Gaeltachta, nó ábalta agus sásta an tuiscint agus taithí sin a fhorbairt; ▪ Tuiscint agus taithí mhaith ar obair le coistí/struchtúir phobail, nó ábalta agus sásta an tuiscint agus taithí sin a fhorbairt, ▪ Dírithe ar sonraí; ▪ Go maith ag obair mar chuid d'fhoireann; ▪ Scileanna maithe eagrúcháin agus ríomhaireachta; ▪ Scileanna maithe cumarsáide agus idirphearsanta; ▪ Teacht ar mhodh taisteal iontaofa chun na hoibre le Láncheadúnas Tiomána glan.
Cineál Post	Post Lán-aimseartha ar feadh tréimhse dhá bhlain.
Uaireanta	37 uair in aghaidh na seachtaine.
Tréimhse	Líonfar an post trí chonradh ar théarma seasta ar feadh 2 bhliain. Beidh tréimhse promhaidh sé mhí i gceist ag tús na fostaíochta. Is féidir bord CFND an conradh a fhoirceannadh i gcás go ndéanfar an sruth maoinithe a bhfuil súil leis a fhoirceannadh. I gcásanna áirithe féadfar an Bord deireadh a chur leis an bhfostaíocht le linn an phromhaidh gan dul trí dhéine iomlán an phróisis smachta.

Ráta Pá	€36,450 – €40,000
Pinsin	Clárófar an fostaí leis an gCóras coigiltis scoir uathchláraithe d'fhostaithe má tá siad idir 23 agus 60 bliana d'aois.